CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2020/1506 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Deireadh Fómhair 2020

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES.

(2) I bhfianaise thromchúis na staide mar atá sa tSiria, agus aird againn ar na hairí rialtais a ceapadh le déanaí, ba cheart seachtar a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 2013/255/CBES. Chomh maith leis sin, ba cheart an fhaisnéis a bhaineann le 18 duine a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

([1]) IO L 147, 1.6.2013, lch. 14

IARSCRÍBHINN

I. Cuirtear na daoine seo leis an liosta a leagtar amach i Roinn A ("Daoine") d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"296.	Talal AL-BARAZI (dá ngairtear freisin Barazi) (طلال البرازي)	Dáta breithe: 1963; Áit bhreithe: cathair Hama, Siria; Inscne: Fireann	An tAire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí. I mBealtaine 2020 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	16.10.2020
297.	Loubana MOUCHAWEH (dá ngairtear freisin Lubana, Mshaweh) (لبانة مشوّح)	Dáta breithe: 1955; Áit bhreithe: Damaisc, Siria; Inscne: Baineann	An tAire Cultúir. I Lúnasa 2020 a ceapadh. Ina cáil mar Aire Rialtais, tá freagracht uirthi as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	16.10.2020
298.	Darem TABA'A (دارم طباع)	Dáta breithe: 1958; Áit bhreithe: Damaisc,Siria; Inscne: Fireann	An tAire Oideachais. I Lúnasa 2020 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	16.10.2020
299.	Ahmad SAYYED (dá ngairtear freisin Alsyed, al-Sayyed, al-Sayed) (أحمد السيد)	Dáta breithe: 1965; Áit bhreithe: Ouneitra, Siria; Inscne: Fireann	An tAire Dlí agus Cirt. I Lúnasa 2020 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	16.10.2020
300.	Tammam RA'AD (dá ngairtear freisin; Tamam; Raad) (تمام رعد)	Dáta breithe: 1965; Áit bhreithe: Al-Qusayr, Siria; nó Homs, Siria; Inscne: Fireann	An tAire Acmhainní Hiodrálacha. I Lúnasa 2020 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	16.10.2020
301.	Kinan YAGHI (dá ngairtear freisin Yagi) (كنان ياغي)	Dáta breithe: 1976; Áit bhreithe: Salmiya, ceantar tuaithe Hama, Siria; Inscne: Fireann	An tAire Airgeadais I Lúnasa 2020 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	16.10.2020
302.	Zuhair KHAZIM (dá ngairtear freisin Zouhair) (زهير خزيم)	Dáta breithe: 1963; Áit bhreithe: Ain al-Tinah, Siriach ó Lattakia, Siria; Inscne: Fireann	An tAire Iompair. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta."	16.10.2020

II. I Roinn A ("Daoine") d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann leis na daoine seo a leanas:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"56.	Ali (علي) Abdullah (عبدالله) (dá ngairtear freisin Abdallah) AYYUB (أيوب) (dá ngairtear freisin Ayyoub, Ayub, Ayoub, Ayob)	Dáta breithe: 1952 Áit bhreithe: Lattakia, Siria; Inscne: fireann	Leas-Uachtarán ar Chomhairle na nAirí agus an tAire Cosanta. In Eanáir 2018 a ceapadh. Oifigeach atá ina Ghinearál in Arm na Siria, sa phost tar éis mhí Bealtaine 2011. IarCheannaire ar an General Staff of the Syrian Armed Forces. Duine a thacaíonn le réimeas na Siria agus atá freagrach as cur faoi chois agus foréigean i gcoinne an phobail sibhialtach sa tSiria.	14.11.2011
109.	Imad (عماد) Mohammad (محمد) (dá ngairtear freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed) Deeb (ديب) KHAMIS (خميس) (dá ngairtear freisin Imad Mohammad Dib Khamees)	Dáta breithe: 1.8.1961; Áit bhreithe: gar do Dhamaisc, Siria; Inscne: fireann	IarPhríomh-Aire agus Iar-Aire Leictreachais. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	23.3.2012
178.	Nizar Wahbeh YAZAJI (dá ngairtear freisin Nizar Wehbe Yazigi) (نزار وهبه يازجي)	Dáta breithe: 1961; Áit bhreithe: Damaisc, Siria; Inscne: fireann	Iar-Aire Sláinte. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
180.	Ahmad AL-QADRI (أحمد القادري)	Dáta breithe: 1956; Inscne: fireann	IarAire Talmhaíochta agus um Athriar Talúntais. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	24.6.2014
190.	Hussein ARNOUS (dá ngairtear freisin Arnus) (حسين عرنوس)	Dáta breithe: 1953; Áit bhreithe: Idleh, Siria; Inscne: fireann	An Príomh-Aire. I Lúnasa 2020 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	24.6.2014
217.	Atef NADDAF (عاطف نـداف)	Dáta breithe: 1956; Áit bhreithe: ceantar tuaithe Dhamaisc, Siria; Inscne: fireann	IarAire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
218.	Hussein MAKHLOUF (dá ngairtear freisin Makhluf) (حسين مخلوف)	Dáta breithe: 1964; Áit bhreithe: Lattakia, Siria; Inscne: fireann	An tAire Riaracháin Áitiúil agus Comhshaoil. IarGhobharnóir Ghobharnóireacht na Damaisce. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. Col ceathrar le Rami Makhlouf.	14.11.2016

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
220.	Ali GHANEM (علي غانم)	Dáta breithe: 1963; Áit bhreithe: Damaisc, Siria; Inscne: fireann	IarAire Peitriliam agus Acmhainní Mianra. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
222.	Mohammed (dá ngairtear freisin Mohamed, Muhammad, Mohammad) AL-AHMED (dá ngairtear freisin al-Ahmad) (محمد الأحمد)	Dáta breithe: 1961; Áit bhreithe: Lattakia, Siria; Inscne: fireann	IarAire Cultúir. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
223.	Ali HAMOUD (dá ngairtear freisin Hammoud) (علي حمود)	Dáta breithe: 1964; Áit bhreithe: Tartus, Siria; Inscne: fireann	IarAire Iompair. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
224.	Mohammed Zuhair (dá ngairtear freisin Zahir) KHARBOUTLI (محمد زهير خربوطلي)	Áit bhreithe: Damaisc, Siria; Inscne: fireann	IarAire Leictreachais. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	14.11.2016
225.	Maamoun (dá ngairtear freisin Ma'moun) HAMDAN (مأمون حمدان)	Dáta breithe: 1958; Áit bhreithe: Damaisc, Siria; Inscne: fireann	IarAire Airgeadais. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
229.	Abdullah ABDULLAH (عبدالله عبدالله)	Dáta breithe: 1956; Inscne: fireann	IarAire Stáit. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
230.	Salwa ABDULLAH (سلوى عبدالله)	Dáta breithe: 1953; Áit bhreithe: Quneitra, Siria; Inscne: baineann	An tAire Gnóthaí Sóisialta agus Saothair. I Lúnasa 2020 a ceapadh. IarAire Stáit. Ina cáil mar Aire Rialtais, tá freagracht uirthi as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	14.11.2016
231.	Rafe'a Abu SA'AD (dá ngairtear freisin Saad) (رافع أبو سعد)	Dáta breithe: 1954; Áit bhreithe: sráidbhaile Habran, dúiche Sweida, Siria; Inscne: fireann	IarAire Stáit. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
239.	Hisham Mohammad Mamdouh AL-SHA'AR (هشام محمد ممدوح الشعار)	Dáta breithe: 1958; Áit bhreithe: Damaisc, Siria; Inscne: fireann	IarAire Dlí agus Cirt. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	30.5.2017
277.	Imad Muwaffaq AL-AZAB (عماد موفق العزب)	Dáta breithe: 1970; Áit bhreithe: Ceantar tuaithe Dhamaisc, Siria; Inscne: fireann	IarAire Oideachais. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	4.3.2019
281.	Mohammad Maen Zein Jazba AL-ABIDIN (ar a dtugar freisin Mohammad Maen Zein Jazba Al-Abidin) (محمد معن زين العابدين)	Dáta breithe: 1962; Áit bhreithe: Aleppo, Siria; Inscne: fireann	IarAire Tionscail. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	4.3.2019"